Is comhlacht neamhspleách poiblí an Coimisiún um Rialála Eitlíochta faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireacht agus Spóirt. Is é an bunchuspóir atá againn leas Paisinéirí Aeir a chosaint trí dhíriú ar sheachadadh cúig sprioc straitéiseacha:

- Seirbhísí éifeachtúla aerfoirt, d'ardchaighdeán agus feasach faoi shábháilteacht
- Aerlínte bunaithe in Éirinn agus Láimhseálaithe ag an trí aerfort stát atá sábháilte agus láidir ó thaobh an airgeadais de
- Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas Éireannacha atá láidir ó thaobh an airgeadais de
- Creat láidir chun cearta paisinéirí i ngach aerfort Éireannach a chur i bhfeidhm
- Creat rialála a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr

**Teideal an Phoist: Bainisteoir Ceadúnaithe don Ghnó Taistil**

## Cur síos ar an bpost

Tá an Bainisteoir Ceadúnaithe don Ghnó Taistil, a thuairiscíonn faoi láthair don Stiúrthóir Airgeadais, freagrach as socrú cosanta dócmhainneachta na hÉireann a fheidhmiú do phacáistí ceannaithe ó thionscnóirí turas agus ghníomhaithe taistil in Éirinn. Eiseoidh an duine ceadúnais do agus déanfaidh sé monatóireacht ar fheidhmíocht tionscnóirí turas agus gníomhaithe taistil Éireannacha agus cinnteoidh sé go bhfuil socrúcháin chuí cosanta dócmhainneachta i bhfeidhm. Sa chás go dteipeann ar chuideachta, is é an bainisteoir a thógfadh an príomhról agus éilimh a thagann chun cinn á bpróiseáil.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

- Tacaíocht, spriocanna a leagadh síos, oiliúint, agus meantóireacht a sholáthair don fhoireann.
- Córas Eochairtháscaire Feidhmíochta a fheidhmiú, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na foirne agus gníomhaíocht cheartaitheach a thógáil más gá.
- Próisis ceadúnaithe an Choimisiúin a bhainistiú.
- Athbhreithnithe airgeadais a chur i gcrích ar chuideachtaí bainteach leis an ngnó taistil agus monatóireacht a dhéanamh ar gach socrúcháin chosanta dócmhainneachta infheidhmithe i ngnó taistil na hÉireann.
- Sa chás go dteipeann ar chuideachta, príomhról a thógáil agus próiseas láimhseála éilimh a bhunú agus a fheidhmiú. D'fhéadfadh aisdúichiú paisinéirí a bheith mar chuid de seo.
- Monatóireacht agus imscrúdú a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le trádáil neamhcheadúnaithe.
- Coinnigh suas chun dáta le forbairtí náisiúnta agus Eorpacha.
- Coinnigh próisis ghnó taistil an Choimisiúin faoi athbhreithniú, agus i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara, feabhais a chur i bhfeidhm.

- Plean cumarsáide do pháirtithe leasmhara agus plean do chuairteanna gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Imeachtaí d'fhonn gach gné d'fheidhmeanna an Choimisiúin a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu.
- Tuarascálacha staidrimh agus monatóireachta a ullmhú don Choimisiún, ionchur sa tuarascáil bhliantúil agus cáipéisí seachtracha eile.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son an Choimisiúin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**Scileanna:**

- Scileanna láidre bainistíochta, cumarsáide agus idirphearsanta.
- Scileanna eagrúcháin agus pleanála den chéad scoth in éineacht le cumas iltascáil a dhéanamh.
- Suim i gcearta tomhaltóirí agus taithí ar láimhseáil gearán.
- Scileanna seirbhís custaiméirí den chéad scoth i bplé leis an bpobal trí ríomhphost, ar an bhfón agus duine le duine.
- Pointeáilteacht, cruinneas agus cumas obair a dhéanamh as do stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
- Ardchaighdeán Béarla, idir scríofa agus labhartha; in éineacht le scileanna dréachtaithe, eagarthóireachta agus profála.
- Inniúlacht ar Fhoireann Bogearraí MS Office in éineacht le scileanna maithe clóscríofa.
- Tá eolas maith ar reachtaíocht ábhartha na hÉireann inmhianaithe, ach níl sé riachtanach.
- Taithí ar ionadaíocht a dhéanamh ar son cuideachta ag leibhéal sinsearach go náisiúnta agus ag leibhéal na hEorpa inmhianaithe, ach níl sé riachtanach.

**RÁTA TUARASTAIL**

Tuarastal de €50,329 ag ardú, ag brath ar mheasúnú sásúil feidhmíochta, in incrimintí bliantúla go €61,836. Tosófar ar an íos-scála agus d'fhéadfaí ráta na híocaíochta a choigeartú ó am go ham, ar aon dul le polasaí íocaíochta an Rialtais. Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt dá n-aire go bhféadfadh íocaíocht agus cúinsí éagsúla bheith ábhartha más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí, díreach sula gceaptar é.

**TRÉIMHSE PHROMHAIDH**

Is tréimhse 6 mhí í seo ón dáta beacht a thosaítear agus tá sé faoi réir sholáthar feidhmíochta sásúla le linn na tréimhse sin.

**UAIREANTA OIBRE**

Beifear ag obair ar feadh 37 uair an chloig in aghaidh na seachtaine.
Luan go Déardaoin: 09:00 go 17:30 le briseadh lóin 1 uair an chloig
Aoine: 09:00 go 17:00 le briseadh lóin 1 uair an chloig

**SAOIRE BHLIANTÚIL**

Tá saoire bliantúil 29 lá ar fáil in aghaidh na bliana, gan laethanta saoire poiblí san áireamh.

**SCÉIM PINSIN**
Tá ballraíocht i Scéim Aonair Phinsin na Seiribhíse Poiblí riachtanach (ach amháin sa chás go raibh an t-iarratasóir i bpost leis an tSeirbhís Phoiblí taobh istigh den 6 mhí dheireanacha, tráth a bheidh ballraíocht Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin infheidhme). Níl an Coimisiún ina bhall den Líonra um Aistriú Pinsean laistigh den tSeirbhís Phoiblí, agus dá bhrí sin ní féidir leis seirbhís inphinsin roimhe seo a chur san áireamh.

**SOCHAIR EILE**
- Incháilithe don scéim rothaíochta ag an obair
- Taisteal saor ó cháin ar an mBus/ Luas/ Iarnród chun cabhrú le costais taistil go dtí an obair agus ón obair
- Incháilithe don Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe

**LÁTHAIR**
Tá an Coimisiún lonnaithe ar an 3ú hurlár, Áras Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, trasna an bhóthair ón gCeoláras Náisiúnta.Táimid gar don stad Luas ar Fhaiche Stiabhna; tá roinnt bealaí Bhus Átha Cliath gar dúinn, 46a, 44, 145, agus 184 san áireamh agus táimid tuairim agus 15 nóiméad ó Stáisiún an Phiarsaigh ar Rae an Iarthair.Ina theannta sin, tá stad bus Matthews chuig COBÁC suite dhá nóiméad de shiúl uainn ar Shráid Líosain Íochtarach.

**IARRATAS**
Ba cheart iarratas, lena n-áirítear CV cothrom le dáta agus litir spreagtha ina míneoidh tú cén fáth ar chóir tú a mheas i gcomhair an phoist seo, a sheoladh ar ríomhphost chuig info@aviationreg.ie nó tríd an bpost chuig an seoladh thuas, agus iad faighte tráth nach déanaí ná 3in Dé Máirt 7ú Lúnasa 2018.